CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/1923 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Samhain 2021

maidir le Beart Cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le fothú acmhainneachta Fhórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([1]), bunaíodh Saoráid Eorpach Síochána (SES) chun go maoineodh Ballstáit gníomhaíochtaí an Aontais faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú de bhun Airteagal 21(2), pointe (c), den Chonradh. Go háirithe, i gcomhréir le hAirteagal 1(2), pointe (b)(i), de Chinneadh (CBES) 2021/509, le SES is féidir gníomhaíochtaí a mhaoiniú chun acmhainneachtaí a bhaineann le cúrsaí míleata agus cosanta atá ag tríú Stáit agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a neartú.

(2) Tá an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin fós ar cheann de na tíortha is truaillithe le mianaigh ar domhan, de thoradh, go príomha, ar choinbhleacht 1992–1995. Is fadhb mhór fós é do shlándáil na tíre mianaigh agus ordanás neamhphléasctha a bheith i láthair, ar bagairt dhíreach iad ar an bpobal agus ar srian dian iad ar athshlánú iarchoinbhleachta agus ar théarnamh eacnamaíoch. Is bagairt iad freisin ar phearsanra arna n-imscaradh faoin gcomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC) agus ar phearsanra AE eile.

(3) I gComhaontuithe Síochána Dayton, Iarscríbhinn 1-A maidir le Gnéithe Míleata den Chomhaontú Síochána, agus Treoracha do na Páirtithe ó Cheannasaí EUFOR, *Change 25* [Athrú 25], Caibidil 5, foráiltear d'oibleagáid ar údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine maidir le dímhianú. Sa Dlí maidir le Cosaint na Boisnia agus na Heirseagaivéine sainítear go bhfuil gníomhaíochtaí frithmhianaigh ar cheann de na cúig phríomh-mhisin atá ag Fórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine (AFBiH). Is é AFBiH an eagraíocht dímhianaithe is mó sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin; bunaíodh a bhuan-nósanna imeachta oibríochta d'fhonn glanadh mianach agus ordanáis neamhphléasctha (UXO) agus le haghaidh chláir oiliúna um fheasacht riosca UXO. Rinneadh iad a chomhchuibhiú le Caighdeán BiH maidir le Glanadh Mianach agus UXO agus leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha araon, lena n-áirítear na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Chomhrac Mianach.

(4) Sna conclúidí ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 1 Iúil 2021 maidir le treoshuíomhanna straitéiseacha na Saoráide Eorpaí Síochána do mhí Iúil – mí na Nollag 2021, coimeádadh, mar phríomhthosaíocht don tréimhse sin, Beart Cúnaimh chun tacú le AFBiH. Is é is cuspóir don Bheart Cúnaimh ná acmhainneachtaí AFBiH a fheabhsú, d'fhonn na hacmhainneachtaí sin a úsáid i gcomhthéacs rannpháirtíocht na Boisnia agus na Heirseagaivéine i misin mhíleata CBSC agus gan dochar d'aon tacaíocht dímhianaithe eile arna cistiú ag an Aontas Eorpach, agus dímhianú daonnúil i gcoitinne.

(5) Sa Tuarascáil thráthrialta leathbhliantúil ar Oibríocht Althea ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") chuir sé i dtreis tríd síos an gá atá le cúnamh do Chathlán Dímhianaithe AFBiH.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Síochána Eorpach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

(6) An 9 Meán Fómhair 2021, tar éis don 36ú tuarascáil leathbhliantúil maidir le hOibríocht EUFOR Althea a bheith curtha faoina bhráid, thug an Coiste Polaitiúil agus Slándála dá aire an géarghá práinneach leanúnach le feabhas a chur ar chumas oibríochtúil Chathlán Dímhianaithe AFBiH. Chuige sin, d'iarr an Coiste Polaitiúil agus Slándála ar an Ardionadaí tograí a thíolacadh lena mbreithniú, lena n-áirítear tograí faoi SES.

(7) An 18 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Comhairle conclúidí maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin/ Oibríocht EUFOR Althea ina dtathantaíonn sí ar údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine, le tacaíocht ón gcomhphobal idirnáisiúnta, a n-iarrachtaí a neartú maidir le harmlón, airm agus feistí pléascacha breise a dhiúscairt a thuilleadh, mar aon lena n-iarrachtaí i ndáil leis an dímhianú daonnúil.

(8) I litir uaidh an 8 Eanáir 2020, a seoladh chuig Ceannasaí EUFOR, d'iarr Aire Cosanta na Boisnia agus na Heirseagaivéine go dtabharfaí tacaíocht phráinneach do AFBiH i bhfoirm trealamh tábhachtach dímhianaithe, agus aird á tarraingt aige ar uas-dífheidhmeacht an ábhair atá acu cheana féin agus ar a neamh-indéanta atá sé an cuspóir a leagadh síos an tír a dhímhianú faoi 2027 a chomhlíonadh.

(9) Sa litir uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2021, a seoladh chuig an Ardionadaí, rinne Aireacht Cosanta na Boisnia agus na Heirseagaivéine athnuachan ar an iarraidh uaithi ar an Aontas tacaíocht a thabhairt do AFBiH i bhfoirm trealamh bunriachtanach dímhianaithe a sholáthar agus é d'aidhm aige éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí dímhianaithe a dhéanann AFBiH a fheabhsú.

(10) Déanfar an Beart Cúnaimh a chur chun feidhme agus na prionsabail agus na ceanglais a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/509 á gcur san áireamh, go háirithe maidir le comhlíonadh Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle ([2]), agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas a mhaoinítear faoi SES a chur chun feidhme.

(11) Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh, an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunú, cuspóirí, raon feidhme agus ré

1. Leis seo, bunaítear Beart Cúnaimh a bheidh chun tairbhe Aireacht Cosanta na Boisnia agus na Heirseagaivéine ("an tairbhí"), atá le maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána.

2. Is é is cuspóir don Bheart Cúnaimh cumais Chathlán Dímhianaithe AFBiH a fheabhsú agus a uasghrádú trí threalamh leordhóthanach a chur ar fáil. Rannchuideoidh sé sin chun cur ar chumas na Boisnia agus na Heirseagaivéine a pobal sibhialta a chosaint níos fearr agus chun rannchuidiú AFBiH le hoibríochtaí agus misin mhíleata CBSC a mhéadú, agus comhar Eora-Atlantach agus comhar leis na Náisiúin Aontaithe á neartú trí chumais Chathlán Dímhianaithe AFBiH a fheabhsú agus a uasghrádú.

3. Chun an cuspóir dá dtagraítear i mír 2 a bhaint amach, maoineofar leis an mBeart Cúnaimh na cineálacha trealaimh seo a leanas:

(a) Soghluaisteacht: 34 fheithicil iompair (4×4);

(b) Tacaíocht: 34 fheithicil leighis (4×4);

(c) Teicneolaíocht: 150 brathadóir miotail.

4. Mairfidh ré an Bhirt Cúnaimh go ceann 30 mí ó ghlacadh an Chinnidh seo.

([2]) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

Airteagal 2

Socruithe airgeadais

1. EUR 10 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheidh ceaptha chun an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chumhdach.

2. Déanfar an caiteachas go léir a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas arna maoiniú faoi SES a chur chun feidhme.

3. Beidh caiteachas faoin mBeart Cúnaimh incháilithe le haghaidh maoiniú go ceann 48 mí tar éis ghlacadh an Chinnidh seo.

Airteagal 3

Socruithe leis an tairbhí

1. Déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá leis an tairbhí chun a áirithiú go gcomhlíonann sé na ceanglais agus na coinníollacha arna mbunú ag an gCinneadh seo, mar choinníoll chun tacaíocht a sholáthar faoin mBeart Cúnaimh.

2. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha lena gcuirtear d'oibleagáid ar an tairbhí an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go gcomhlíonfaidh Cathlán Dímhianaithe AFBiH an dlí idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

(b) go mbainfear úsáid chuí agus éifeachtúil as aon sócmhainní a chuirtear ar fáil faoin mBeart Cúnaimh chun na gcríoch dár soláthraíodh iad;

(c) go ndéanfar cothabháil leordhóthanach ar aon sócmhainní a chuirtear ar fáil faoin mBeart Cúnaimh chun a áirithiú go mbeidh siad inúsáidte agus go mbeidh siad ar fáil le haghaidh oibríochtaí i gcaitheamh a saolré;

(d) nach gcaillfear aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mBeart Cúnaimh, ná nach n-aistreofar iad gan toiliú ó Choiste na Saoráide arna bhunú faoi Chinneadh (CBES) 2021/509 chuig daoine nó eintitis seachas iad siúd a shainaithnítear sna socruithe, ag deireadh a saolré.

3. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha maidir le tacaíocht a fhionraí agus a fhoirceannadh faoin mBeart Cúnaimh i gcás ina bhfaighfear go bhfuil na hoibleagáidí dá bhforáiltear i mír 2 á sárú ag an tairbhí.

Airteagal 4

Cur chun feidhme

Beidh an tArdionadaí freagrach as a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus leis na rialacha maidir leis an ioncam agus an caiteachas arna maoiniú faoi SES a chur chun feidhme, agus i gcomhréir leis an gCreat Modheolaíochta Comhtháite chun na bearta agus na rialuithe is gá le haghaidh Bearta Cúnaimh faoi SES a mheasúnú agus a shainaithint.

Airteagal 5

Faireachán, rialú agus meastóireacht

1. Áiritheoidh an tArdionadaí go ndéanfar faireachán ar urramú na n-oibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 3 ag an tairbhí. Leis an bhfaireachán sin, músclófar feasacht ar an gcomhthéacs agus ar na rioscaí a ghabhann le sáruithe ar na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 3 agus rannchuideofar le sáruithe den sórt sin a chosc, lena n-airítear sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta ag aonaid AFBiH dá dtugtar tacaíocht faoin mBeart Cúnaimh.

2. Déanfar rialú an trealaimh tar éis a loingsithe a eagrú mar a leanas:

(i) fíorú ar a sheachadadh, trína bhfuil na fórsaí, arb iad na húsáideoirí deiridh, le deimhnithe seachadta um Bhirt Cúnaimh SES a shíniú tráth a aistreofar úinéireacht.

(ii) rialú ar an láthair, trína ndeonóidh an tairbhí don Ardionadaí deis rialú ar an láthair a dhéanamh arna iarraidh sin dó.

3. Déanfaidh an tArdionadaí an chéad mheasúnú ar an mBeart Cúnaimh 18 mí tar éis sheachadadh an trealaimh. I gcás inar gá, d'fhéadfadh cuairt ar láthair an trealaimh sheachadta a bheith i gceist. Déanfar meastóireacht chríochnaitheach nuair a bheidh an Beart Cúnaimh críochnaithe. Mar chuid den mheastóireacht sin, beidh cleachtadh níos leithne ar na ceachtanna a foghlaimíodh.

Airteagal 6

Tuairisciú

Le linn na tréimhse cur chun feidhme, soláthróidh an tArdionadaí tuarascálacha leathbhliantúla don Choiste Polaitiúil agus Slándála maidir le cur chun feidhme an Bhirt Cúnaimh i gcomhréir le hAirteagal 63 de Chinneadh (CBES) 2021/509. Cuirfidh an riarthóir do bhearta cúnaimh Coiste na Saoráide arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ar an eolas go tráthrialta faoi chur chun feidhme ioncaim agus caiteachais, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chinneadh sin.

Airteagal 7

Fionraí agus foirceannadh

Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinneadh a dhéanamh cur chun feidhme an Bhirt Cúnaimh a fhionraí go hiomlán nó go páirteach i gcomhréir le hAirteagal 64 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála a mholadh freisin go ndéanfaidh an Chomhairle an Beart Cúnaimh a fhoirceannadh.

Airteagal 8

Teacht i bhFeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Samhain 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. DOVŽAN